Plean Gnímh Bithéagsúlachta Chathair na Gaillimhe - Gníomhartha

Cuspóirí

1. Cur le feasacht agus léirthuiscint ar an mbithéagsúlacht.

2. An bhithéagsúlacht laistigh den chathair a choimeád agus a fheabhsú

3. Cur leis an eolas agus leis an tuiscint atá againn ar bhithéagsúlacht

Uimh	Gníomh	Cuspóirí			Comhpháirtithe Féideartha*	Achar ama**	Mar a éiríonn linn a thomhas
		1	2	3			
1	**Ról Oifigeach Bithéagsúlachta a ainmniú trí Ordú Bainisteora Foirmiúil** • Feidhmiú an BAP a éascú agus a chomhordú láithreach. • Comhairle a chur ar an gComhairle Cathrach ar shaincheisteanna maidir le bithéagsúlacht agus ar oibleagáidí na comhairle i ndáil leis an mbithéagsúlacht a chosaint • Éascú le feidhmiú pleananna gnímh náisiúnta speiceas agus gnáthóg, mar is cuí. • Iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú chun an plean gnímh a fheidhmiú. • Scrúdú a dhéanamh ar an ngné Seirbhís Roinnte le Comhairle Cathrach na Gaillimhe.	✓	✓	✓	An Chomhairle Oidhreachta, NPWS, Comhairle Chontae na Gaillimhe, OÉ Gaillimh	Gearrthéarma	PInna a shocrú maidir leis an bPlean Gnímh.
2	**Ceapachán fadtéarmach d'Oifigeach Bithéagsúlachta Lánaimseartha a Lorg** • Gníomhartha mar atá thuas ach ar bhonn fadtéarmach				DoECLG	Gearrthéarma	Ceadú Roinne do Cheapachán Lánaimseartha/ ar Conradh
3	**Fóram Bithéagsúlachta a Bhunú** • Is é an ról a bheadh ag an ngrúpa seo cur chuige comhpháirtíochta a chur chun cinn chun an oidhreacht nádúrtha agus an bhithéagsúlacht a chur chun cinn laistgh den chathair, agus cuidiú le hobair an Oifigigh Bithéagsúlachta Ainmnithe.	✓	✓	✓	OÉ Gaillimh, GMIT, NPWS, WRBD, IFI, GCCF, ENGOnna	Gearrthéarma	Tá an grúpa bunaithe agus bíonn cruinnithe rialta ar siúl.
4	**Iniúchadh bitheolaíoch a dhéanamh do Chathair na Gailllimhe.** • Gach faisnéis atá ar fáil maidir leis an mbithéagsúlacht i gCathair na Gaillimhe a bhailiú agus a stóráil i mbunachar sonraí. • Bearnaí a aithint san fhaisnéis bithéagsúlachta tríd na sonraí reatha a athbhreithniú agus anailís a dhéanamh orthu. • Nascálacha a fhorbairt leis an Ionad Náisiúnta Taifead Bitheolaíochta. • A chinntiú go ndéanfar gach cóip de na Ráitis Tionchair Chomhshaoil a fhaigheann Comhairle Cathrach na Gaillimhe a stóráil (go leictreonach an tslí ab fhearr) in áit éigin lárnach.			✓	OÉ Gaillimh, GMIT, IFI, NPWS, ENGOnna	Leanúnach	Tá bunachar sonraí éagsúlachta bitheolaíochta bunaithe

Uimh	Gníomh	Cuspóirí			Comhpháirtithe Féideartha*	Achar ama**	Mar a éiríonn linn a thomhas
		1	2	3			
5	**Suirbhé a dhéanamh ar dhearcaí mhuintir na Gaillimhe maidir leis an dúlra agus an bhithéagsúlacht** • Leas a bhaint as na torthaí chun eolas a chur ar fáil do thionscnaimh ardaithe feasachta agus tionscadail oidhreachta nádúrtha faoi stiúir an phobail.	✓			Fóram Pobail	Gearrthéarma	Tá torthaí an tsuirbhé foilsithe.
6	**Clár feasachta, oideachais agus oiliúna don bhithéagsúlacht a fhorbairt** **Sprioc-lucht éisteachta 1: A Pobal i gcoitinne** • Imeachtaí agus gníomhaíochtaí ardaithe feasachta a reáchtáil, go háirithe le linn na Seachtaine Oidhreachta agus na Seachtaine Bithéagsúlachta e.g. imeachtaí cur crann, cainteanna agus siúlóidí treoraithe. • Sraith bileoga eolais a tháirgeadh e.g. Garraíodóireacht Fiadhúlra, An Dúlra i gCathair na Gaillimhe, Eachtrannaigh Ionracha. • Ag obair le scoileanna sa chathair chun mórtas i ngnáthóga fiadhúlra na cathrach a chur chun cinn (e.g. comórtais póstaeir agus grianghraf) • Rannóg bithéagsúlachta tiomanta a fhorbairt & a chur chun cinn ar shuíomh idirlín Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ar a mbeadh eolas, liosta imeachtaí agus naisc úsáideacha. • Painéal léirmhínithe a fheistiú ag na bealaí isteach chuig Páirc Foraoise Thír Oileáin & chuig páirceanna eile ar a mbeadh eolas faoi flora & fauna atá sa Pháirc, ialtóga san áireamh. • Comharthaíocht a chur in airde ag pointí féachana tábhachtacha ar a mbeadh eolas faoi éin e.g. An Cladach, Bóthar na Trá, Coillte Bhearna, Inis Caorach agus Cuan an Roisín. • Daoine a spreagadh chun fiadhúlra a thugann siad faoi deara a logáil leis an Ionad Náisiúnta Sonraí Bithéagsúlachta agus le Cairde Éanlaith Éireann • Comhairle agus oiliúint a chur ar fáil do chumainn cónaitheoirí maidir le conas feabhas a chur ar bhithéagsúlacht ina gceantair féin • Dáileoirí a fheistiú leis an mbia cuí d'ealaí ag Céibh an Chladaigh chun go mbeadh níos mó tuisceana ann faoin gcontúirt atá ann arán a thabhairt do na healaí.	✓			ENGOnna, NPWS, IFI, WRBD, OÉ Gaillimh, GMIT, GCCF, VEC, DES, NPWS, NBDC, BWI GCSR, Cumainn Chónaitheoirí	Gearrthéarma	Eagraítear dhá imeacht a bhíonn go mór i mbéal an phobail gach bliain, táirgtear bileoga eolais, déantar iad a nuashonrú go rialta, comharthaíocht curtha in airde.
7	**Clár feasachta, oideachais agus oiliúna don bhithéagsúlacht a fhorbairt** **Sprioc-lucht éisteachta 2: An fhoireann agus oifigigh i gComhairle Cathrach na Gaillimhe** • Treoirlínte sárchleachtas don bhithéagsúlacht a fhorbairt do gach rannóg • Oiliúint bithéagsúlachta spriocdhírithe a sholáthar do gach duine den fhoireann reatha agus d'oibrithe nua. • Cruinnithe ráithiúla idir an Rannóg Caitheamh Aimsire & Taitneamhachta agus na rannóga gaolmhara eile chun an bhithéagsúlacht a chur chun cinn i scéimeanna molta. • Úsáid lotnaidicídí agus luibhicídí orgánacha a chur chun cinn in áit ceimiceáin sintéiseacha damáistithe.	✓	✓	✓	NPWS, IFI, WRBD, OÉ Gaillimh, ENGOnna, GCCF, VEC	Leanúnach	Tá na treoirlínte táirgthe; tá an oiliúint san bhithéagsúlacht ag leanúint ar aghaidh.

Uimh	Gníomh	Cuspóirí			Comhpháirtithe Féideartha*	Achar ama**	Mar a éiríonn linn a thomhas
		1	2	3			
8	**Clár feasachta, oideachais agus oiliúna don bhithéagsúlacht a fhorbairt** **Sprioc-lucht éisteachta 3: Forbróirí, ailtirí, innealtóirí agus úinéirí talún** • Treoirlínte sárchleachtais a fhorbairt i ndáil le cosaint agus feabhas a chur ar luach oidhreachta nádúrtha suímh fhorbartha • Bileoga eolais soiléire agus lán le heolas a tháirgeadh ar roinnt ábhar iomchuí: E.g. mar is féidir luach oidhreachta nádúrtha suímh a mheas, conas is féidir ceantair dúlra nó gnéithe a bhainistiú (e.g. bogaigh, locháin, coillearnaigh), conas crainn agus fálta a choimeád i bhforbairtí, tírdhreachú nádúrtha, conas gnáthóga fiadhúlra a fhorbairt i bhforbairtí nua (e.g. locháin, fálta dúchasacha, boscaí éan agus ialtóg a fheistiú etc.).	✓	✓		NPWS, IFI, WRBD, ENGOs, EI, RIAI, ILI, OÉ Gaillimh, GMIT	Leanúnach	Treoirlínte agus bileoga eolais táirgthe.
9	**Cruthú gnáthóga fiadhúlra nua i bhforbairtí a chur chun cinn lena n-áirítear eastáit tithíochta, suímh thionsclaíoch agus cúrsaí gailf** • Scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go bhféadfaí córas duaiseanna a fhorbairt d'fhorbróirí a dhéanann iarracht an bhithéagsúlacht a chosaint agus/ nó a fheabhsú i bhforbairtí. • Feasacht a ardú ar na buntáistí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil de cheantair bithéagsúlachta áitiúla a bheith lonnaithe laistigh d'fhorbairtí nua; samplaí a sholáthar ó dhlínsí eile.	✓	✓		NPWS, OÉ Gaillimh, GMIT, ENGOnna, GCCF, OPW	Leanúnach	Tá an ghné bithéagsúlachta le sonrú i dtionscadail nua tírdhreachaithe.
10	**Rannpháirtíocht an phobail a chur chun cinn i gcaomhnú an dúlra** • Comhairle a thabhairt agus cuidiú le grúpaí pobail, ENGOnna ina measc, a bheidh ag tabhairt faoi thionscadail a bhaineann leis an mbithéagsúlacht lena n-áirítear foinsí maoinithe féideartha a aithint. • Grúpaí áitiúla a spreagadh chun ceantar bithéagsúlachta áitiúil a uchtú. D'fhéadfaí grúpaí oibre áitiúla a bhunú chun bruscar a bhailiú, crainn a chur, siúlóidí a fhorbairt agus/nó pleananna bithéagsúlachta áitiúla a fhorbairt.	✓	✓		GCCF, ENGOnna, NPWS	Leanúnach	Tionscadail faoi stiúir pobail tionscnaithe
11	**Líonra de Cheantair Áitiúla Bithéagsúlachta agus bealaí fiadhúlra gaolmhara a bhunú** *(bunaithe ar na dá cheantar déag atá aitheanta cheana féin i bhFardal Gnáthóga Chathair na Gaillimhe 2005). Féach Aguisín 2.* • Suirbhé a dhéanamh an athuair ar Cheantair Áitiúla Bithéagsúlachta atá beartaithe; léarscáil a dhéanamh agus na ceantair sin a liostáil i bPlean Forbartha Chathair na Gaillimhe. • Suirbhé a dhéanamh an athuair ar na bealaí fiadhúlra atá beartaithe ag Kindermann (2004), léarscáil a dhéanamh agus na ceantair sin a liostáil i bPlean Forbartha Chathair na Gaillimhe • Iarracht a dhéanamh bealaí fiadhúlra breise a aithint. • Pleananna bainistithe a fhorbairt agus a fhoilsiú maidir le gach Ceantar Bithéagsúlachta Áitiúil. • Monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar riocht na gCeantar Áitiúil Bithéagsúlachta ar		✓	✓	OÉ Gaillimh, GMIT, GCCF, ENGOnna, NPWS, IFI,	Sa mheántéarma	Tá suirbhé déanta ar LBAnna agus iad breactha ar léarscáil; iad ar an liosta sa chéad Phlean Forbartha eile don Chathair; tá clár monatóireachta bliantúil bunaithe; tá

Uimh	Gníomh	Cuspóirí			Comhpháirtithe Féideartha*	Achar ama**	Mar a éiríonn linn a thomhas
		1	2	3			
	bhonn bliantúil. • Beartas a mholadh sa Phlean Forbartha chun a chinntiú nach mór do gach forbairt nua a mbeadh tionchar acu ar Cheantair Áitiúla Bithéagsúlachta agus bealaí fiadhúlra gaolmhara, measúnú comhshaoil cuí a dhéanamh. • Meicníochtaí eile a imscrúdú chun na ceantair sin a chosaint. • Critéir a fhorbairt chun aon Cheantair Bithéagsúlachta Áitiúla breise a chur san áireamh. • Scéimeanna gearrtha féir a athrú i gceantair phoiblí chun spreagadh a thabhairt do bhunú agus d'fhás bláthanna fiáine.						beartas forbartha chun cosaint éigin a thabhairt do na ceantair sin.
12	**Suirbhé ar chrainn agus caomhnú** • Iarracht a dhéanamh Oifigeach Crann a cheapach chun suirbhé a dhéanamh ar chrainn laistigh den chathair, Orduithe Cosanta Crann a mholadh, cosaint agus coimeád crainn a chur chun cinn, agus comhairle a sholáthar dóibh sin a bhíonn ag obair le crainn nó in aice le crainn. • Gach crann i gceantair uirbeach a chur ar léarscáil agus a chlibeáil chun bunachar sonraí crann a chruthú.	✓	✓	✓	Cumann Crannadóireachta na hÉireann, TCI	Gearrthéarma	Suirbhé ar chrainn tugtha chun críche; TPOnna beartaithe.
13	**Gnáthóg Thábhachtach: Coillearnaigh agus fálta uirbeacha** • Pleananna bainistithe a fhorbairt maidir le gach coillearnach uirbeach i gCathair na Gaillimhe. • Beartais úsáide caitheamh aimsire i gCoillearnaigh a fhorbairt. • Rannpháirtíocht in aon Scéimeanna Faire Seirbhíse Foraoise sa todhchaí a chur chun cinn. • Coimeád fálta a chur chun cinn, aitheantas a thabhairt don tábhacht atá leo mar bhealaí fiadhúlra. • Gníomhú le heagraíochtaí crann/foraoise chun curadóireacht agus bainistiú crann a chur chun cinn • Coimeád ballaí cloch tirim a chur chun cinn.		✓	□	OÉ Gaillimh, NPWS, GCCF, An tSeirbhís Foraoise, Crann, HLAI, NWT	Gearrthéarma	Pleananna agus beartais bainistithe forbartha.
14	**Gnáthóg Thábhachtach: Bogaigh agus sruthchúrsaí** • Pleananna bainistithe a fhorbairt do bhogaigh feadh chóras na Coiribe agus Abhainn Thír Oileáin. • Glacadh le beartas a bhfuil sé mar aidhm leis nach mbeadh aon chailliúint bogaigh laistigh den chathair agus é sin a chur chun cinn. • Suirbhé a dhéanamh ar inveirteabrach bogaigh e.g. grúpaí a léiríonn cáilíocht an uisce mar dhoirbeacha agus cuileoga réisc. • Treoirlínte a fhorbairt chun sárchleachtas a chur chun cinn i ndáil le hoibreacha a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar lochanna fionnuisce, turlaigh, aibhneacha agus bealaí uisce. • Ullmhú plean bainistithe caomhnaithe abhann a thionscnamh do chóras na Coiribe i		✓	□	OÉ Gaillimh, NPWS, BWI, IFI, CNT, Comhairle Chontae na Gaillimhe, WRBD, GCT, OPW	Sa mheántéarma	Tá pleananna bainistithe forbartha; tá an beartas glactha; tá an staidéar ar inveirteabrach críochnaithe agus na torthaí foilsithe, na treoirlínte táirgthe; na suirbhéanna

Uimh	Gníomh	Cuspóirí			Comhpháirtithe Féideartha*	Achar ama**	Mar a éiríonn linn a thomhas
		1	2	3			
	gcomhairle le páirtithe leasmhara. • Suirbhé a dhéanamh ar iasc i srutháin a bhféadfadh tionchar a bheith ag uirbiú orthu. • Bealaí a scrúdú chun feabhas a chur ar rochtain ar Loch Coirib don Loimpre Mhara.						éisc tionscnaithe.
15	**Gnáthóg Thábhachtach: Gnáthóga aolchloiche nochta** • Na ceantair ina bhfuil carraig aolchloiche nochta a chur ar léarscáil. • Pleananna bainistithe a fhorbairt do na ceantair sin. • An ceantar atá fágtha a chosaint ó chairéalú.		✓	□	OÉ Gaillimh , Teagasc, IFA	Fadtéarmach	Tá léarscáil agus pleananna bainistithe táirgthe.
16	**Gnáthóg Thábhachtach: Talamh Portaigh** • Plean bainistithe gnáthóg a fhorbairt do thalamh portaigh sa chathair, lena n-áirítear faisnéis suirbhé agus oideachais d'úinéirí talún. • Suirbhé go háirithe don **Fhritileán Réisc** cosanta.	✓	✓	□	IPCC, NPWS, OÉ Gaillimh, NBDC	Fadtéarmach	Tá plean bainistithe táirgthe, tá an suirbhé ag leanúint ar aghaidh.
16	**Crios Thábhachtach: Crios Cósta** • Úsáid inbhuanaithe den timpeallacht mhara a chur chun cinn. • A chinntiú go ndéanfar measúnú cuí ar aon oibreacha atá beartaithe laistigh den chrios cósta. • Suirbhé bithéagsúlachta agus léarscáiliú gnáthóg ar an gcrios cósta, lena n-áirítear feachtas feasachta poiblí. • Feabhsúchán gnáthóg ar bhealach Inis Caorach agus dugaí nua atá beartaithe.	✓	✓		RI, OÉ Gaillimh, GMIT, MI, IFI, WRBD	Sa mheántéarma	Tá ábhar bolscaireachta táirgthe.
17	**Grúpa speiceas tábhachtach: Ialtóga** • A chinntiú go dtabharfar cosaint do thalamh sealgaireachta na n-ialtóg e.g. coillearnaigh uirbeach, bogaigh agus fálta. • A chinntiú go ndéanfar suirbhé ialtóg sula ndéanfar aon fhorbairt ná athchóiriú ar sheanstruchtúir chun bearta maolaithe féideartha a bhreithniú. • A chinntiú go mbeidh aon ghné amháin d'fhoirgnimh phoiblí fágtha gan solas chun ligean d'ialtóga dul ar fara. • Suirbhé ialtóg a dhéanamh sula ndéanfar obair dheisiúcháin ar dhroichid agus a chinntiú go gcaomhnaítear pointí rochtana na n-ialtóg. • Scéimeanna boscaí ialtóg lena n-áirítear ceardlanna • Plean speiceas a fhorbairt don chrua-ialtóg bheag (*Rhinolophus hipposideros*)	✓	✓		VWT, BCI, NPWS	Sa mheántéarma	Níl aon ghlan-chailliúint d'áiteanna fara ialtóga agus de thalamh sealgaireachta ann.
18	**Grúpa speiceas tábhachtach: Éin** • Cosaint dhóthanach a chinntiú de ghnáthóga éin thábhachtacha i mbealaí uisce na cathrach agus thart timpeall uirthi, sna coillearnaigh uirbeacha agus sna fálta. • Treoirlínte a fhorbairt i ndáil le hoibreacha in aice le bealaí uisce, coillearnaigh agus fálta nó iontu i ndáil le caomhnú éan.	✓	✓		BWI	Sa mheántéarma	Níl aon ghlanchailliúint gnáthóga éan, tá treoirlínte táirgthe.

Uimh	Gníomh	Cuspóirí			Comhpháirtithe Féideartha*	Achar ama**	Mar a éiríonn linn a thomhas
		1	2	3			
	• A chinntiú go ndéanfar suirbhé éan sula ndéanfar aon fhorbairt ná athchóiriú ar sheanstruchtúir chun bearta maolaithe féideartha a bhreithniú.						
19	**Grúpa speiceas tábhachtach: Mamaigh bheaga** • Leanúint ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar dhaonraí de mhamaí beaga i bPáirc Foraoise Thír Oileáin agus sna bealaí fiadhúlra in aice láimhe.		✓	□	OÉ Gaillimh, VWT	Gearrthéarma	Tá an staidéar monatóireachta ag dul ar aghaidh agus tá na torthaí foilsithe
	Speiceas Tábhachtach: An Gabhlán Gaoithe (*Apus apus*) • Láithreáin neadaithe reatha a aithint agus a chosaint, láithreáin neadaithe nua oiriúnacha a aithint agus boscaí neadaithe don ghabhlán gaoithe a fheistiú le glaonna bréige. • Forbróirí a spreagadh chun 'brící don ghabhlán gaoithe' a fheistiú i bhforbairtí nua		✓	□	BWI, NISG, RIAI	Gearrthéarma	
	Speiceas Tábhachtach: An Rón Cuain (*Phoca vitulina*) • Plean gnímh speiceas áitiúil a fhorbairt.	✓	✓	□	NPWS	Sa mheántéarma	Plean gnímh speiceas táirgthe.
	Speiceas Tábhachtach: An Iora Rua (*Sciurus vulgaris*) • Suirbhé a dhéanamh ar cheantair a bhfuil siad feicthe ann, mar Choillte Mhuirlinne			□	NPWS, OÉ Gaillimh	Sa mheántéarma	An suirbhé ag leanúint ar aghaidh.
20	**Straitéisí cuí a fhorbairt chun cosc a chur ar thabhairt isteach agus ar scaipeadh speicis choimhthíocha ionracha** • Leanúint ar aghaidh ag cruthú feasachta ar an mbaol ó speicis choimhthíocha ionracha don bhithéagsúlacht agus don chomhshaol. Áirítear ar na speicis a bhfuil fadhbanna leo tá an diúilicín riabhach, an ghliúnach bhiorach agus an líobhógach Afracach. • Clár a fhorbairt chun deireadh a chur le speicis choimhthíocha ionracha i gcomhar le gníomhaireachtaí iomchuí eile. • Daoine sa phobal a spreagadh chun taifead a dhéanamh ar speicis choimhthíocha ionracha ar http://www.invasivespeciesireland.com/alien-watch/ • Tácú le cláir rialaithe *Lagarosiphon* agus *Dreissena* an IFI	✓	✓		IFI, Comhairle Chontae na Gaillimhe, OÉ Gaillimh, WRBD, ISI	Leanúnach	Clár chun deireadh a chur le speicis ionracha idir lámha.
	Reiligí agus láithreáin stairiúla • Bithéagsúlacht a ionchorprú in aidhmeanna bainistithe reiligí, séadchomharthaí agus láithreáin seandálaíochta.		✓		An tOifigeach Oidhreachta, Reiligí Príobháideacha	Fadtéarmach	Tá na haidhmeanna bithéagsúlachta ionchorpraithe.
21	**Tacú le feidhmiú Pleananna Gnímh Náisiúnta Speiceas agus Gnáthóg laistigh de Chathair na Gaillimhe, mar is cuí, agus an Plean Gnímh Náisiúnta Bithéagsúlachta.**	✓	✓	□	NPWS, ENGOnna, OÉ Gaillimh, GMIT, IFI, NBDC	Leanúnach	Pleananna náisiúnta curtha i bhfeidhm go háitiúil.

Giorrúcháin

BCI	Caomhnú Ialtóg Éireann	BWI	Cairde Éanlaith Éireann
BSBI	Cumann Luibheolaíochta na Breataine agus na hÉireann	DES	An Roinn Oideachais agus Scileanna
CNT	Iontaobhas Loingseoireachta na Coiribe	ENGO	Eagraíocht Neamhrialtais Comhshaoil
DoECLG	An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil	AE	An tAontas Eorpach
EI	Innealtóirí na hÉIreann	GCCF	Fóram Pobail Chathair na Gaillimhe
GBG	Luibhghairdín na Gaillimhe	GCSR	Tarrtháil Ealaí na Gaillimhe & An Chladaigh
GCDB	Bord Forbartha Cathrach na Gaillimhe	GMIT	Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe Mhaigh Eo
GCT	Dúchas na Gaillimhe	IFA	Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann
HLAI	Hedge Laying Association of Ireland	ISI	Speicis Ionracha Éireann
IPCC	Comhairle Caomhnaithe Phortaigh na hÉireann	MI	Foras na Mara
LBA	Ceantair Áitiúla Bithéagsúlachta	NISG	Grúpa Gabhlán Gaoithe Thuaisceart Éireann
NHA	Ceantar Oidhreachta Nádúrtha	OÉ Gaillimh	Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
NPWS	An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra	OPW	Oifig na nOibreacha Poiblí
NWT	Iontaobhas na gCoillte Dúchasach	RIAI	Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann
RI	Institiúid Uí Riain	SPA	Ceantar Cosanta Speisialta
SAC	Ceantar Caomhnaithe Speisialta	VWT	Iontaobhas Fiadhúlra Vincent
TCI	Comhairle Crann na hÉireann	IFI	Iascaigh Intíre na hÉireann
WRBD	Ceantar Abhantraí an Iarthair		